| | | |
|---|---|---|
| **1.** | **An Mhaidin** | **The Morning** |
| | Cathain a éiríonn tú ar maidin? | When do you get up in the morning? |
| | Cad a dhéanann tú ar maidin? | What do you do in the morning? |
| | An nglacann tú cithfholcadh ar maidin? | Do you shower in the morning? |
| | An ólann tú caife ar maidin? | Do you drink coffee in the morning? |
| | An itheann tú an bricfeasta gach lá? | Do you eat breakfast every day? |
| | Cad a itheann tú don bhricfeasta? | What do you eat for breakfast? |
| **2.** | **An Lá** | **The day** |
| | Cad a dhéanann tú i rith an lae? | What do you do during the day? |
| | An mbíonn tú ag obair? | Do you work? |
| | An dtéann tú amach ag siúl? | Do you go out for a walk? |
| | Cá n-itheann tú an lón? | Where do you eat lunch? |
| | An dtéann tú ag siopadóireacht? | Do you go shopping? |
| **3.** | **An Tráthnóna** | **The evening** |
| | Cad a dhéanann tú um thráthnóna? | What do you do in the evening? |
| | An itheann tú an dinnéar sa bhaile? | Do you eat dinner at home? |
| | An mbreathnaíonn tú ar an teilifís? | Do you watch TV? |
| | An mbíonn tú ag léamh? | Do you read? |
| | An dtéann tú amach um thráthnóna? | Do you go out in the evening? |
| **4.** | **An Deireadh Seachtaine** | **The weekend** |
| | Cad a dhéanann tú ar an deireadh seachtaine? | What do you do on the weekend? |
| | An dtéann tú go dtí an pháirc? | Do you go to the park? |
| | An mbuaileann tú le do chairde? | Do you meet your friends? |
| | An ndéanann tú rud éigin le do pháistí? | Do you do something with your children? |
| | An dtugann tú do mhadra amach ag siúl? | Do you take your dog out for a walk? |
| | An mbíonn tú ag siopadóireacht? | Do you shop? |

| | **<u>Tithe Cois Uisce</u>** | **<u>Houses by the Water</u>** |
|---|---|---|
| **1.** | Do mo chuairt dheireanach, tá mé ag dul siar. Siar go Ceantar na nOileán agus siar go Maínis. | For my last visit, I'm going west. West to the Irish Islands and west to Mweenish. |
| **2.** | Oileán suaimhneach, draíochtúil atá timpeallaithe le huisce agus radharcanna a líonann na súile. | A peaceful, magical island that is surrounded by water and views thsat fill the eyes. |
| **3.** | Agus tá clann amháin atá sáite go hiomlán i saol agus pobal an oileáin seo. | And there is one family that is completely immersed in the life and people of this island. |
| **4.** | Tá glúnta de chlann Róisín Ní Chualáin ceangailte le Maínis. | Generations of Róisín Ní Chualáin's family are tied to Mweenish. |
| **5.** | Agus mar phríomhoide na scoile bige áitiúla, tá sí féin lárnach agus ag iarraidh cinntiú go mbeidh glúnta de chlanna óga lonnaithe anseo sa todhchaí. | And as principle of the small local school, she herself is central [to it] and trying to ensure that there will be generations of young families living here in the future. |
| **6.** | Is sa teach álainn seo a chónaíonn sí lena fear Seán agus a ngasúir, Bláithín agus Eiléanóra. | It's in this beautiful house that she lives with her husband Seán and their children, Bláithín and Eiléanóra. |
| **7.** | 'Théis na fáilte ghleoite a fháil ar an táirseach, 'sé an spás agus an staighre a mheall mo shúil sa halla. | After the warm welcome at the door, it's the space and the stairs what caught my eye in the hall. |
| **8.** | Tá an spás dochreidte. Tá sé cosúil le bheith ar bhád. | The space is unbelievable. It's like being on a boat. |
| **9.** | *Yeah*, deireann go leor daoine é sin *actually* nuair a thagann siad isteach go bhfuil sé cosúil le long nó bád. | Yeah, a lot of people say that actually when they come in, that it's like a ship or boat. |
| **10.** | Is dóichí na fuinneogaí ag dul suas b'fhéidir agus an adhmad agus an cas sa staighre. | Probably the windows going up perhaps and the wood and the turn in the stairs. |
| **11.** | Isteach linn sa gcistineach lena síleáil ard a bhaineann úsáid as na radharcannaí i ngach treo. | Let's go into the high-ceilinged kitchen which makes use of the views in every direction. |
| **12.** | Tá an oiread solais ann. *Yeah*, tá sé go breá leis seo. Tá sé go hálainn. | There is so much light there.Yeah, it's great with this. It's beautiful. |
| **13.** | An raibh an suíomh seo agaibh nó cén fáth a roghann sibh an áit seo? | Did you have this site or why did you choose this place? |
| **14.** | Bhí sé sa chlann *so* is as Maínis m'athair agus tá an t-ádh orainn go bhfuil an teach againn anseo. | It was in the family, so my father is from Mweenish and we are fortunate that we have this house here. |
| **15.** | *So*, seo croí an tí i ndáiríre, an cistineach is dóigh. | So, this is the center of the house, really, the kitchen, it seems. |
| **16.** | *Yeah*, seo an seomra is mó sa teach anois agus táimid ... A rógaire beag! | Yeah, this is the biggest room in the house now and we are … Little scoundrel! |
| **17.** | *Yeah*, tá neart spáis ann freisin, tá sé oscailte. | Yeah, there is a lot of space, too, it's open. |
| **18.** | *So*, suigh síos, ól cupán tae, agus breathnú amach ansin, tá sin go hálainn. Idir an spéir agus an fharraige. Tá na Beanna Beola ansin. | So, sit down, drink a cup of tea, and look out there, it's beautiful. |